Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2021
(OR. en)

8851/21
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0196(COD)**

CODEC 710
SOC 282
PECHE 157
CADREFIN 246
JAI 558
SAN 299
COH 6

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**<u>Ráiteas ón Ungáir</u>**

Tá céim thábhachtach eile bainte amach ag an nós imeachta chun rialacháin maidir le Beartas Comhtháthaithe a ghlacadh. Feictear don Ungáir gur gá an ráiteas a rinne sí roimhe sin maidir le hionadaíocht agus léirmhíniú inscne sna rialacháin sin a athdhearbhú.

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, léiríonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do ghnéas, i gcomhréir le hAirteagail 8, 10, 19 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, tá an Ungáir lánchinnte nach bhfuil ábhar inscne iomchuí le sainiú sna doiciméid reachtacha sin.

I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne', tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' tagairt don 'chomhionannas idir fir agus mná' sna Rialacháin. Maidir leis an miondealú ar shonraí, creideann an Ungáir gur cheart an chéad líne d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CSE+ (agus freisin fonóta 27 in Iarscríbhinn III de Rialachán JTF) a chur i bhfeidhm agus gur cheart tagairt a dhéanamh don téarma 'inscne' agus don idiraisnéis ina hiomláine, agus ní hamháin do cheann amháin de na fochatagóirí atá liostaithe inti.

Agus é á chur san áireamh gur faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a thagann sé ábhar an téarma 'inscne' a chinneadh, ba cheart a thuiscint leis na haithrisí, na hairteagail, na hiarscríbhinní agus na fonótaí ábhartha go dtagraíonn siad don téarma inscne arna léirmhíniú i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

**Ráiteas ó Mhálta**

Is díol sásaimh do Mhálta gur glacadh go foirmiúil Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR). Mar sin féin, is oth le Málta go sanntar comhéifeacht nialasach rannchuidithe aeráide d'infheistíochtaí i mbonneagar a bhaineann le bóithre agus nach dtugtar ualú den chineál céanna dóibh agus a thugtar don iompar d'iarnród. Is cinnte go bhfágfaidh an staid seo go mbeidh na Ballstáit nach bhfuil córas iompair iarnróid féideartha acu faoi mhíbhuntáiste.

Ós rud é gur Ballstát beag oileánda é Málta nach bhfuil aon fhéidearthacht aige maidir le hiarnróid agus áit nach féidir ollchórais iompair a bheith ann, is gá uasghrádú a dhéanamh ar bhóithre i Málta ar an gcaoi chéanna a gcaitear infheistíochtaí in iarnróid a dhéanamh le haghaidh na mBallstát sin a chuirfidh feabhas ar a sciar d'iompar d'iarnród. Meabhraítear do Mhálta, i bhfianaise a imthosca uathúla náisiúnta agus a acmhainneachta teoranta ó thaobh laghdú astaíochtaí, go bhfuil infheistíochtaí i mbonneagar bóithre níos éifeachtúla, i gcomhar le leictriú feithiclí, ar cheann den bheagán deiseanna atá ag an tír sin leanúint de bheith ag tógáil ar chur chuige iomlánaíoch i leith an dícharbónaithe agus ar an dul chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta. Is iad na himthosca náisiúnta céanna sin an phríomhchúis le heaspa iarnród chomh maith.

Tá impleachtaí aige sin freisin do phleanáil tionscadal agus don tsolúbthacht i gclársceidealú. Ós rud é nach ndéantar réaltachtaí agus teorainneacha sonracha Mhálta a chuimsiú in Iarscríbhinn I, beidh ar Mhálta carnadh ó na tionscadail go léir chun na spriocanna a leagfar síos a bhaint amach. Cuireann sé sin srian ar an bhféidearthacht tionscadail a chur in oiriúint do riachtanais shonracha Mhálta, rud a fhágann gur beag an deis atá ann do thionscadail eile. Dá bhrí sin, iarrann Málta ar an gCoimisiún an tsolúbthacht is gá a léiriú le linn phleanáil agus chlárú na gCistí i bhfianaise uathúlacht an cháis seo.

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.

**Ráiteas ó Éirinn**

Tacaíonn Éire le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh maidir leis na rialacháin uile atá mar chuid de phacáiste reachtach comhtháthaithe iar-2020. Tugann Éire Airteagal 80, Rialachán na bhForálacha Coiteanna (6674/21 + ADD 1 + ADD 2) dá haire, maidir le socruithe iniúchóireachta aonair, agus is oth léi an nasc a comhaontaíodh idir rannpháirtíocht in OIPE agus rochtain ar iniúchadh simplithe. I bhfianaise a córais dlí choitinn, níl Éire rannpháirteach in OIPE agus dá bhrí sin ní féidir léi leas a bhaint as na socruithe iniúchta simplithe sin. Creideann Éire go bhfuil sé sin contrártha do phrionsabal na córa comhionainne idir na Ballstáit agus don phrionsabal atá cumhdaithe in Airteagal 327 CFAE, ar dá réir a urramófar leis an gcomhar feabhsaithe inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na mBallstát sin nach bhfuil rannpháirteach ann.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

**Maidir le réamh-mhaoiniú a imréiteach:**

Cuireadh san áireamh leis na huasteorainneacha íocaíochta i rialachán CAI an toimhde go ndéanfaí gach réamh-mhaoiniú a imréiteach gach bliain. Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé, mar thoradh ar an gcomhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air maidir le RFC, go bhféadfaí dul níos faide ná na huasteorainneacha CAI is infheidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus na próifílí íocaíochta a bhfuiltear ag súil leo á gcur san áireamh. D'fhéadfadh riaráiste íocaíochtaí sa dara leath den chéad tréimhse eile a bheith mar thoradh ar an méid sin.

**Maidir le hidirphlé struchtúrtha faoi Bearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha:**

Leis na forálacha a ghlac na comhreachtóirí, ceanglaítear ar an gCoimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach maidir leis an measúnú ar an staid i ndáil leis na imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha. Ina theannta sin, éilíonn na comhreachtóirí ar an gCoimisiún iad a chur ar an eolas láithreach maidir leis an obair leantach a bheartaítear a dhéanamh trí bhearta sealadacha chun cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha agus aird chuí a thabhairt ar na seasaimh a glacadh agus ar na tuairimí a chuirtear in iúl tríd an idirphlé struchtúrtha a bhféadfaidh an Pharlaimint nó an Chomhairle cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuige.

Níl na ceanglais sin i gcomhréir le hAirteagal 291(2) agus (3) CFAE ná le Rialachán Uimh. 182/2011 maidir leis an Nós Imeachta Coiste , nach ndéanann foráil maidir le haon rannpháirtíocht ag an bParlaimint ná ag an gComhairle i rialú fheidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún. D'fhéadfadh cásanna a bheith mar thoradh air seo ina mbeadh srian ar chumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an Coimisiún na ceanglais sin a chomhlíonadh ach amháin a mhéid nach gcuireann siad sin isteach ar a chumhachtaí cur chun feidhme mar a rialaítear iad faoi Airteagal 291 CFAE agus faoi Rialachán Uimh. 182/2011 maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

Ní fhéadfar i gcás ar bith na forálacha sin a mhacasamhlú i gcreat dlíthiúil eile i gcás nach bhforáiltear d'aon imthosca eisceachtúla ná neamhghnácha.

**Maidir le bearta breise chun buiséad an Aontais Eorpaigh agus Next Generation EU a chosaint in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí trína cheangal go n-úsáidfí uirlis mianadóireachta sonraí aonair arna cur ar fáil ag an gCoimisiún:**

Le Pointí 30 go 33 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir

le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ceanglaítear ar an gCoimisiún córas comhtháite idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin a chur ar fáil, lena n-áirítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun measúnú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ag teastáil d'fhonn go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ar bhealach ginearálaithe é. Thairis sin, d'aontaigh na trí institiúid go n-oibreoidís i gcomhar le chéile go dúthrachtach, le linn an nós imeachta reachtaigh a bhaineann leis na bunghníomhartha ábhartha, chun obair leantach maidir leis an ngné seo ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Iúil 2020 a áirithiú .

Measann an Coimisiún nach leor an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air faoi Airteagal 69(2) (freagrachtaí na mBallstát) maidir le húsáid éigeantach uirlis mianadóireachta sonraí aonair agus bailiú agus anailís sonraí ar úinéirí tairbhiúla fhaighteoirí an chistithe, nach leor é chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus Next GenerationEU in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí agus chun seiceálacha éifeachtúla ar choinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí, saincheisteanna cistithe dúbailte agus mí-úsáid choiriúil na gcistí, chun an méid sin a áirithiú. Dá bhrí sin, ní léiríonn an cur chuige a chomhaontaigh na comhreachtóirí i Rialachán na bhForálacha Coiteanna go hiomchuí uaillmhian agus spiorad an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh.

**Maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint trí chéatadán de na híocaíochtaí leis na cláir bainistíochta comhroinnte a choinneáil siar:**

Measann an Coimisiún go ndéantar, leis an gcomhaontú idir na comhreachtóirí an ráta coinneála ar íocaíochtaí bainistíochta comhroinnte a laghdú ó 10 % go 5 %, riosca méadaithe a chruthú go n-íocfaí as buiséad an Aontais Eorpaigh méideanna a mbeadh tionchar ag neamhrialtachtaí orthu.

Chun an riosca sin a íoslaghdú, bainfidh an Coimisiún úsáid iomchuí as briseadh íocaíochtaí le cláir agus íocaíochtaí le cláir a chur ar fionraí, aon uair a mheasann sé nach leor an ráta coinneála 5 % chun méid aon neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach.